Buaidh n-eagna ar Fhréimh ríoghUidhir

[Greene, David: *Duanaire Mhéig Uidhir*, Dublin, 1972, poem 9]

1 Buaidh n-egna ar Fhréimh ríoghUidhir
ó chléir mesda móreinigh;
guais sgol ar fhréimh ríoghUidhir
a ccrodh féin dá bhfóireighin.

2 Toil do thuicsin daighfhileadh
d’fhuil Uidhir is anadhal;
an té is ollamh n-ealadhan
sé d’ollamh ní hanumhal.

3 Tuc sé hí fá énndethaigh
dá díon ní théid tóirfhrithir;
glas troda ar uaimh énathaigh
foda co bhfuair fóirithin.

4 Gnáth é trén ar thendaicme,
sé ar in ccléir ní comairce;
sgol nachar an d’imeirci
co cradh ar cCon Connachtne.

5 Dá réir ní fhoil anumhal
fa a thoil féin do fuirighedh;
luach do dháil d’fhior ealadhan
cion cáigh sul do cruinnigheadh.

6 Tuc sé egna d’fhiledhaibh,
a cheasda ar chléir ccoimhidhigh;
do mhian fhiliodh d’ealadhain
nár siriodh riar roidhoiligh.

7 Urra a ndíona ar Dhanaruibh
síol cColla fán ccomhfhalaigh;
cairt ar shíodh Fhóid Fheradhaigh
do sccríobh re cóig comhadhuibh.

8 D’éis gliadh ar cCon Connaichtne
dá thoil budh triall indilte;
sí le chéile cengailte
nách bí Éiri ag imeirce.

9 Tic sin uaidh dá ealadhain
breith a buaidh re minfheadhain,
dá sccuiridh Fád Feradhaigh
co Mág Uidhir d’fhiledhaibh.

10 D’éis cen a ccrích ógbhraonaigh,
ní bhí mes ar mhéidliamhain;
tír gan fher ag óigríoghain
do bhrígh cen an chéidbhliadhain.

11 Goill gan mheanma ón mhallfhaicsin,
dóibh go dtarla an tromolcsin;
col do ghliaidh ac Gallshaxoibh
a ndiaigh na Con Connachtsin.

12 Lá troda an tan imdhighe
tor ar ccar a ccoimhghile;
barr feoir tar gruaidh gallbhaile
ag buain eoil dot oirbhire.

13 Tuc sé iath gan anumhla
léir ad dhiaigh ’na dhoimhenma;
rí gan aithne n-ealadhna
ní bhí d’aithle h’oilemhna.

14 Nós dá aithne ar fhiledhaibh,
gurbh aithreach leo a lenamhain;
do-chuaidh ar chléir ccomhadhaigh
buain fá t’fhéin a n-ealadhain.

15 Nár le t’fhéin an t-anmhuirer
co héis áigh nír fhuilngeabhoir;
re dteacht ó fhiadh fhoghlaidhedh
cliar nár chleacht a ccuimhneghadh.

16 Fiú h’iúl ar a n-ealadhain
gan tú riú co roirighin;
líne a ccéill do chuireabhoir
do-ríne ar chléir ccomhadhaigh.

17 Luach h’éra ní fhailleochaigh
séla uatha ar fhindiathoibh;
trom ót fhéin ar anndúthaigh
a réir ar Fond bhfindFhiachaidh.

18 Tuc slighthe ar dhún deaghaolta
nach leithne lúth roirélta;
éra ag nach bí baránta
h’éra dí ní doidhénta.

19 Guais duit a riar roidhoiligh;
ciall an chruidh do cheileamhain
ró seud madh áil d’fhiledhaibh,
fég ar an dáimh dherenaigh !

20 Barr tar eol gach éinfhiledh
gleodh an tand do thriallabhair;
ceisd chruaidh róibh nár réidhigheadh
co fóill d’uain nír iarabhoir.

21 Feacair le dáil degheinigh
dámh is deacair d’oilemhain;
tuc tairthe uadh d’fhiledhaibh
do thuar aighthe is oireamhain.

22 D’éis braite bairr ghallbhaile
dot aithle an t-am imdhighe,
súil ort a n-uair iorghaile
ac tocht le huaim inghine.

23 D’éis áigh a ccrích comhadhaigh
má atá tír nár thileabhair,
fada uaibh Fiadh Feradhaigh
giall an uair nárbh ionshiobhail.

24 Riar ar oilis d’fhiledhaibh
doilidh le Fiadh Feradhaigh;
sgol ad dheoigh is doidheraidh
ar ccor heoil ar h’ealadhain.

25 Ní síodh sin rér fhilleabhoir
a fhir dár dhíon duilleabhor;
dál sgol co fiadh bhfiondUladh,
ná hiar crodh do chruinneghadh!

26 Rolocht cruidh, ní ceilfidher,
ar Choin Chonnacht braithfidhear;
fuair crodh and a athrughadh
sgol an t-am do haithnidheadh.

27 Cách níor fhuirigh d’ainmhianaibh
co Mág Uidhir iondshluaghaidh;
táraigh triath é d’iolmhaoinibh
sé ’na iath gan iomluaghoil.

28 Ná bíodh cách ac cruinnioghadh
dá thír is tráth tromfhaladh;
díoth coimhdhe ar chrodh ccoillidheadh
ar ndol d’oighre ollamhan.

29 Cliar re chéile cengailte
fa iath Éirne ag imeirce;
fiú comhtha ar cCon Connaichtne

an sccol ortha indilte.

30 Fríoth réir uadh nach ionghotha
don chléir ní cuan mionnratha;
cliar darbh ainimh ainbhretha
ní airigh Fiadh fionnMhacha.

31 Do dhíon cen do chomhaighthibh
ní bhen rí do raidheithbhir;
na héighmhe am iath anaithnigh
fian Éirne sul aireighthir.

32 Ní Goill iad ón imbeirtsin
fá iath Floind dá bhfannfhaicsin;
fiú riar an Chon Connachtsin
gan cor gliadh ar GhallShaxaibh.

33 Do threabh túr a thrénealbha
a-nú ní fer fíorfhoghla;
dual dáil fá mhian móranma
ní háil riar acht ríoghBhanbha. B.U.A. I.D.H.

34 Ben co mbrethaibh bannríoghna
ní ben dertha deighriaghla;
sí re ccléir is coimhríoghdha
a réir dí fá dheirbhfhiadhna.

35 Fá degheol hí d’fhiledhalbh
sí re a dtionól talamhail;
dáileadh sí ar cléir ccomhadhaigh
réir dá nach bí baramhail.

36 Bé Bhíonn dáibh re daghumhla
co díol dámh fa roimhenma
fiú an díol ’na toigh togharma
co bhfuil a síodh soidhealbha. B.U.A.I.D.H.